Leaṫnaċ na nÓg

Nuair a bhéas sibh dá léamh seo, ní dóigh liom go mbeidh sibh ag smaoineamh ar aistí nó obair litríochta chor ar bith, ach ar saoire áilainn aoibhin na Nollag, nó sé mar bhíonn sé i gcónaí, nuair a thig Lá Fhéile na Giniúna Naofa Gan Smál, go dtógann scoláirí óg agus aosta a numhaill de obair, agus nach mbíonn i gceist ach ullmhuchán do na laetha saoire na dhéidh sin. Mar sin de, ní thabharfaidh mé aistí ar bith don t-seachtain seo.

Ach, tá scéala agam díbh, mar sin fhéin, scéala gur bhfiú díbh aire do thabhairt dó. Nuair a bheidh sibh ar aois ar scoil, beidh sé istigh i mbliain 1966, agus tá ciall ar leith ag an bhliain sin i stair na hÉireann, mar beidh caoga bliain imithe ó chuaigh an bhuíonn bheag glórmhar ag imirt a n-anama in éadan na hImpireachta ba chumhachtaí ar domhan lena linn ar son a náisiún beag féin. Beidh ceiliúradh an mhór ar fad ar fud na tíre go léir an bhliain seo chugainn. Beimíd ag caint faoi sin arist. Ach, mar chuid den cheiliúradh sin, beidh sraith aistí, agus ina measc beidh aistí do scoláirí, agus duaiseanna fiúntacha fá gcoinne.

Tá aiste Gaeilge do scoláirí faoi 14 bliana d'aois, agus sé an t-ábhar a bhéas ann—"Sean Shaighdiúir de chuid 1916 ag insint a scéil féin." Tá duaiseanna de £25, £15 agus £10, á dtairiscint fá choinne aiste i nGaeilge, don ábhar seo. Agus do lucht na Meánscol agus na daoine móra tá aiste fá choinne scoláirí faoi 18 bliana ar an ábhar—"1916-2016." Agus tá an coiste ag tairiscint duaiseanna £50, £30 agus £20, fá'n ábhar seo.

Cuirfear coinníollacha na scéime thart chuig na scoltacha níos moille, ach, ní miste díbh a bheith ag smaoineamh ar na h-ábhair, le linn ar saoire na Nollag, agus a bheith ag bailiú eolais fána gcoinne.

Ar ndoigh, beidh aiste bunúsach agus aiste doimhin go maith ag teastáil leis an chéad, nó an dara duais a bhaint, ach, má tá cumas réasúnta scríbhneoireachta ionta, thiocfaidh leat é bhaint, agus b'fhiú duit tabhairt faoi.

Chomh maith leis sin, tá comórtas ar leith, le duaiseanna £50, £30 agus £20 fá choinne dréacht filíochta ar ábhar ar bith a bhaineas le 1916. Sin na trí comórtaisí do daoine faoi 18 bliain.

Ar ndóighe, tá comórtaisí Litearدha agus duaiseanna an mhóra fá choinne daoine fásta, agus d'fhéadfadh duine fá 18 bliain iad sin a bhaint chomh maith. Ach, sin ábhar díbh le bheith ag smaoineamh air. Agus focal beag eile freisin, tá Coláiste Cróna ag smaoineamh ar an bhliain Iúbhaile Órdha a cheiliúradh ar slí fé leith, agus beidh fógra faoi sin an t-seachtain seo chugainn.

Comóraḋ Ṡeaċtain na Cásca

Tugann an tAire Oideachais scéala i leith na socruithe atáthar a dhéanamh i gcomhair Seachtain na Cásca 1916 a chomóradh go dtionscnófar ón mbliain 1966 amach Scéim nua scoláireachtaí dár teideal "Scoláireachtaí Chomóradh Sheachtain na Cásca."

Is é atá ar aigne leis an scéim comóradh leanúnach a dhéanamh orthu siúd a shínigh Forógra na Cásca 1916. Bronnfar seacht scoláireacht i 1966, dá bhrí sin, agus gach bliain dá éis sin, scoláireacht amháin ainmnithe do gach duine den seachtar sínitheoirí faoi seach.

Is gné den scéim é gach scoláireacht a bheith ina scoláireacht ar leith sa mhéid go bhfuil sí ceangailte le grúpa áirithe ábhar mar a leanas:—

Scoláireacht Thomáis Uí Chléirigh. Dhá ábhar díobh seo—Fisic, Ceimic, Eolaíocht Talmhaíochta, Luibheolaíocht.

Scoláireacht Sheáin Mhic Dhiarmada. Aon dá nuatheanga Eorpacha.

Scoláireacht Thomáis Mhic Dhonnchadha. Dhá ábhar díobh seo—Laidin, Gréigis, Eabhrais.

Scoláireacht Phádraig Mhic Phiarais—Gaeilge agus Stair.

Scoláireacht Éamonn Ceannt: Gaeilge agus Ceol nó Ealaín.

Scoláireacht Shéamuis Uí Chonghaile: Matamaitic agus ábhar amháin díobh seo—Tíreolaíocht, Tráchtáil, Fisic, Ceimic, Matamaitic Fheidhmeach.

Scoláireacht Sheosamh Pluincéad Béarla agus Nuatheanga Eorpach.

Ní mór i ngach cás gur ar onóirpháipéir ag scrúdú na hArdteistiméireachta a ghnóthófaí na marcanna. Ní mór do na hiarrthóirí, thairis sin, onóracha a fháil sa Ghaeilge agus pas nó pas go n-onóracha sa líon ábhar is riachtanach chun an Ardteistiméireacht Pas a fháil; ní mór dóibh ina theannta sin caighdeán sásúil a shroichint i labhairt na Gaeilge.

Tá na scoláireachtaí insealbhaithe in aon Choláiste Ollscoile in Éirinn, i gColáiste Teicneolaíochta nó i gColáiste Náisiúnta na hEalaíne. Le linn don sealbhóir a bheith ag gabháil dá chúrsa gheobhaidh sé nó sí £300 in aghaidh na bliana ach cónaí a bheith air lasmuigh de theach a mhuintire féin agus £250 in aghaidh na bliana ach cónaí a bheith air i dteach a mhuintire féin.

Ní bheidh sé riachtanach do iarrthóirí cur isteach ar na scoláireachtaí ná ní thiocfaidh táille iontrála i gceist. Chun go mbeadh an speis is leitheádaí ag gabháil leis an scéim cinneadh go nglacfaí sa chomórtas do na scoláireachtaí gach iarrthóir ag Scrúdú na hArdteistiméireachta a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar síos sa scéim gan buíochas don ríail faoinar ligeadh isteach iad.

Gheofar cóipeanna den scéim ach iarratas a chur chuig Brainse an Mheánoideachais den Roinn Oideachais, Teach Háicín, Sráid Háicín, Baile Átha Cliath 2.

Céad Sneaċta an Ġeimriḋ

Ní taiṫníonn céad sneaċta an ġeimriḋ le na daoine fásta de ġnáṫ nó aon sneaċta ċun an fírinne d'insint. Aċ táim cinnte go dtaiṫníonn sé le a páistí mar bíon nan-spórt acu nuair a ṫagann sé. Ní maiṫ leis na páistí an fuaċt, aċ ní ċuimníonn siad ar sin nuair a ḃíonn siad ag caiṫeaṁ liaṫróidí sneaċta.

Ṫáinig céad sneaċta na bliana seo go luaṫ. Nuair d'éirig mé ar maidin agus nuair a ċonaic mé an sneaċta ag titim ḃí ionaḋ orm aċ níor ċeart domsa aon ionaḋ a ḃeiṫ orm, mar ḃí sé ana fuar roiṁe sin. Nuair a ċonaic mé an sneaċta geallaimse duit gur ṁaiṫ liom filleaḋ arais go dtí mo leaba te, compórdaċ. Aċ níorḃ féidir é sin a ḋéanaṁ. Nuair a ḃí mo ḃricfeasta ite agam ḃí sé in am don scoil.

Ḃí na píopaí te, agus ḃí éad orm leis na cailíní a ḃí ina suí in aice leo. Ṫug mé fé ndeara, freisin, i riṫ an lae gur ṁaiṫ leis na múinteoirí ḃeiṫ ina seasaṁ cois falla ar an taoḃ clé. Is amadán mise, cé'n fáṫ nár ċeap mé ar dtús gurḃ ansin atá na píopaí freisin.

Níor ligeaḋ amaċ sinn, na scoláirí aíoċta ar siúlóid. Dá ligtí amaċ, is é mo ṫuairim naċ siúlóid a ḃéaḋ ar siúl aċ cluiċe liaṫróidí sneaċta.

Sé an ċéad sneaċta an sneaċta is measa don ḟeirmeoir. Ní ḃíonn sé réiḋ i gcónaí don sneaċta. Is minic a ḃíonn a gcuid ba amuiġ go dtí an ċéad sneaċta agus ansin bíonn ar an ḃfeirmeoir iad a ṫaḃairt isteaċ. Uaireanta bíonn an sneaċta ag titim sula mbíonn na ba istiġ aige. Níl sé ann ansin dul isteaċ cois tine go dtí go mbíonn an sneaċta ṫart, ní hea in aon ċor. Tá air na ba a ṫaḃairt isteaċ láiṫreaċ ar eagla go gcaillfí iad sa sneaċta nó ar eagla go ḃfaiġeaḋ siad bás leis an ḃfuaċt.

Smaoiniġ ar na héanlaiṫ ḃoċta—táim cinnte naċ mbíonn siad ag súil leis an ċéad sneaċta. Má téann an sneaċta is scéal brónaċ a ḃíonn ann. Ní féidir leis na héin na péistíní a ḟáil ón dtalaṁ. Ḃíonn siad ag braṫ ar an méid a ṫugann na mná - tí dóiḃ. Ní ṁairfeaḋ siad fada i ḃfad ar an méid a ṫugann cuid de na daoine dóiḃ. Mar sin faiġeann na céadta acu bás nuair a ṫagann an sneaċta.

Is deas an rud é ḃeiṫ ag féaċaint amaċ an ḟuinneóg is céad sneaċta an ġeimriḋ ag titim. Feiceann tú na callóga boga. Ċeapfá naċ mbeaḋ siad in ann díoḃáil a ḋéanaṁ d'aon rud. Aċ sin an droċ scéal. Cailltear na céadta daoine i dtimpist bóṫair mar ġeall ar an sneaċta.

Ḃíonn na daoine fásta ag guí naċ dtiocfaiḋ an sneaċta agus bíonn na páistí ag guí go dtiocfaiḋ sé. Tá trua agam do Ḋia ag iarraiḋ iad go léir a ṡasaṁ. Is maiṫ liomsa féaċaint ar an áṫas a bíonn in aiġṫe na bpáistí nuair a ḟeiceann siad ċéad sneaċta an ġeimriḋ.

Taiṫníonn an ċéad sneaċta liomsa mar ḃíonn ḟios agam ansin go ḃfuil an Nollaig in ngár dúinn.

Sandra Ní Earraċaḋa,
Cloċar na Trócaire,
Roscomáin.

POLAITÍOCHT

Láṁ ina Ḃás Féin do Pairtí Neaṁ Ṡuim a Ḋéanaṁ do na Gaeil

Muna nglacann Fine Gael mo chomhairle, cé leitheas atá agamsa air. Is díobhtha fhéin is measa an scéal. Dúirt mé leo nach bhfuil maitheas dá laghad dóibh Ó Coistealbha a chur suas i gcoinnibh Éamon De Bhaléra, insan toghchán. Taréis an t-saoil, táimid breis is dachad bliain in ár Náisiún; tá ár dteanga féin againn. Muna dtuigeann Fine Gael fíorais beatha Náisiúin, agus fíorais beatha polaitíocht na hÉireann, in 1965, a luaithe a bhéas an pobal an ceacht beag seo díobhtha, sea is fearr. Agus ní ceacht beag, ach ceacht ana mhór ar fad a bhéas acu, má chuireann siad ainm agus neart agus tacaíocht Fhine Gael taobh thiar de fhear mar John Costello mar iarrathóir do Uachtaránacht na hÉireann.

Ba chóir go mbeadh ciall ceannaithe ag Fine Gael anois, de thairbhe na Gaeilge de. Ba chóir go dtuigfeadh siad nach dream beag iomdhruidhte ar bith mar Conradh na Gaeilge, nó eagras eile athbheochana iad Gaeilgeoirí na hEireann inniu, ach tromlach an Náisiúin, agus go bhfuil beagnach iomlán an phobail gur maith leo go mbeadh an Ghaeilge againn mar dúshraithe agus buan-chomhartha na Náisiúntachta.

Mar adúirt mé roimhe, tá bothar mór na polaitíochta clúdaithe le crealtaí na bpáirtíthe a thug dúbhslan an aidhm agus an samhailt Náisiúnta. Tá roinnt colm ar pháirtí Fine Gael féin, de bhárr a n'ionsaí ar an teanga Náisiúnta. Muna bhfuil an ceacht foghlamtha acu go fóill, gur mór ag an tír seo, agus ag pobal na tíre an Ghaeilge, fóghlaimeoidh siad é, in 1966, bliain cuimhneacháin 1916, nó má chúirtear Ó Coistealbha mar iarrathóir i gcoinnibh De Bhaléra, gheobhaidh sé, agus gheobhaidh Fine Gael, an bualadh is measa a fuair aon pháirtí ariamh.

Agus taobh amuigh de cheist bunúsach seo na Gaeilge féin, tá ceisteanna eile Náisiúnta ann, agus indiaidh an iomláin, beidh an toghchán ar siúl tareis Cuimhneachán 1916, agus d'fhéadfadh sé go mbeithfí ag cur ceisteanna ar toghthóirí agus eile, faoi 1916.

Ach, más maith le Fine Gael láimh a chur ina mbás féin, maith go leor. Sin, nó b'fhéidir nach bhfuil ach cur-ó-dhoras insan coimhlint seo fá choinne na nUachtaránachta, agus go bhfuil fhios acu nach mbainfeadh siad cibé a chuirfeadh siad suas. Ach, más mar sin atá, nár bhféarr i bhfad an triobloid agus an costas a shábhailt dóibh fhéin, agus don tír.

Cloisim nach bhfuil fonn ar bith ar an Lucht Oibre, nó an aicme taobh chlé do Fhianna Fáil, ionadaí a chur suas, agus sin mar is fearr é. A laghad de chúrsaí polaitíochta agus a thabharfaí isteach i gceist Uachtarán na hÉireann, sé ab fhearr, agus tá ceist ann, gan amhras ar bith ar cheart, nó an raibh leithscéal féin, don Taoiseach, a fhógairt ag cruinniú Ard-Fheis Fianna Fáil, go mbeadh an t-Uachtarán, Éamon De Bhaléra, ina Iarrathóir arist don Uachtaránacht. Ba cheart go bhféadfaí ócaid níos feiliúnaí a phiocadh ná sin. Ar ndóig é, is deacair cúrsaí polaitíochta a choiméad amach as chuile rud san am i láthair, go h-áithrid má bhíonn leas polaitíocht le baint as.

Tá cosúlacht air go mbeidh ceist an deontais do Sáirseal agus Dill, ina cheist polaitíochta amach anseo, muna féidir le Seoirse Ó Colla, réiteach a dhéanamh é féin ar an scéal. Agus muna féidir, ní hé an céad uair, nó an ficheadú uair ar chur maorlathas Roinn an Oideachais, cúrsaí bun-ós-cionn agus ar fhág siad freagarthacht trom le h-iompar ag Aire na Roinne sin. Mar is cosúil go bhfuil an chuid is iomcoimeadaí ar fad den mhaorlathas lonnaithe go buan i Sráid Mhaolbríde, agus gur beag acu cúrsaí Náisiúnta, cúrsaí cultúra, cúrsaí Gaeilge, nó fiú, cúrsaí polaitiúil ceann na Roinne, i bhfórás a gcuid rialacháin beaga páipéir féin.

Bhí fear amháin, féadaim a rá, ó bunaíodh an Stát, a rinne iarracht fiúntach leanúnach leis an mhaorlathas seo a chlaonadh chun úmhlaíocht don toil Náisiúnta, mar bhí Seán Ó Maoláin. D'éirigh leis ar dhóigheanna, agus ar dhóigheanna eile, níor eirigh leis. Ar ndóighe, dá mbeadh sé níos fuide ann bheadh scéal eile ann. Ach, ó shin a leith, bhí roinnt Airí a thosnaigh ansin, agus a bhí sásta, fríd is tríd, glacadh leis an meaisín, agus chuaigh rudaí ar aghaidh insan chaoi céanna a bhíodh i gcónaí. Is fear úr fuinniúil Ó Colla. Fear go bhfuil cumas agus éifeacht ann, ach níos mó ná ceachtar acu, fuinneamh, agus tuairimí ábalta aige féin. An éireoidh leis leas an Náisiúin a chur ós cionn rialacháin beaga páipéir an mhaorlathas ansin? Is cinnte go mbeidh coimhlint aige leis na "fir gan aghaidh" insan Roinn, ach déarfinn go mbeadh sé in ann iad a shárú sa deireadh. Ach, is ceist cinnte faoi seo, Sáirséal agus Dill, agus ní fhágfar ró fhada an scéal, déarfinn, go dtógfaidh ceann éigin don dá phríomh Fhreasúra Fine Gael nó an Lucht Oibre, agus go ndéanfaidh siad ceist polaiticiúl de, agus má thógánn, is ionann é agus an dá Pháirtí ag glacadh céim lastáll de Fhianna Fáil, i gcúrsaí na Gaeilge. Is cinnte, nach féidir aon gléas nó eagras Rialtais, ar nós an Ghúm, nó ag easgar as an Ghúm a chur ina n-ionad, a d'fhéadfadh leath féin an méid oibre a dhéanamh ar an chostas céanna, agus a rinne Sáirséal agus Dill.

An dtógfar ceist ar bth faoi na tuairimí a bhí agam anseo an t-seachtain seo caite, faoi an córas nua láimhseáil airgeadais an Stáit? Níl mé féin ró dhóchasach go dtógfar, mar ní ceisteanna iad sin go gcuireann na gnách Teachtaí suim iontu, agus de thairbhe an dá phríomh Pháirtí, tá a gcúiseanna féin acu-san go mbeadh ceisteanna airgead le plé am ar bith fríd an bhliain do réir mar d'oireadh, san dóigh go mbeadh níos mó ama saor fá choinne rudaí a mbeadh éifeacht agus feidhm polaitiúil níos mó iontu. Mar sin, ní bheadh íontas ar bith orm, dá bhfanfadh an chaint a bhí agam an t-seachtain seo caite, marbh, mar atá.

— FEAR FEASA.

Coṫromú Rátaí

Ġlac Comairle Condae na Gaillime do aon ġuṫ le rún ó Comairle Urbaċ Caisleán a' Ḃarraiġ ag iarraiḋ ciste coṫromaiṫe rátaí do ċondaeṫa an Iarṫair. Dúraḋ san rún go raiḃ muintir an Iarṫair, ag íoc níos mó i rátaí agus ag fáil níos lú i seirḃísí, ná an ċuid eile den ċondae. Fiontan Ó Cuagáin, T.D. a ṁol agus Máirtín Breaṫnaċ a ċabraiġ leis an molaḋ. Dúirt an Comairleoir Stiofán Mac Cárṫaiġ dá mbainfeaḋ feilméaraí an Iarṫair úsáid ceart as a gcuid talaṁ naċ mbeaḋ feiḋm ar biṫ fá ċoinne coṫromú rátaí.

Bearna

Ṫit sneaċta an trom ar fad i gceantar Ḃóṫar na Trá, agus Gaillim, deireaḋ na seaċtaine seo caite. Ar an oíċe Luan agus Máirt, ḃí siocán an trom agus ḃí droċ ċaoi ar fad na bóiṫre.

Mám

Ag an Ċúirt Dúiċe ar an Ṁám, cáineaḋ Antoine Seosaiṁ Ó Caḋain, Gleann Ain, An Líonán, £3. agus £1 costaisí, nuair a fuarṫas ciontaċ é as tiomáint neaṁċúramaċ gluaisteán ag Leitir Brocán, ar an 5ú Lá Deireaḋ Fóṁair. D'órdaiġ an Giúistís Ó Sioráin, go nótáilfí an ciontú ar ceadúnas an ċosantóra. D'easgar an cúiseaṁ as iomḃualaḋ idir cárr an ċosantóra agus ceann a ḃí á ṫiomáint ag an Aṫair P. Ó Cinnéide, S.C., Sraiṫ Salaċ. Ḃí S. B. Seoiġe, Aturnae, ar son an ċosantóra.

£2½ milliún Fiaċa na Gaillime

Ag cruinniú de Ċomairle Co. na Gaillime, d'inis an Rúnaí Co., Liam Ó Luanaiġ, don Seanadóir Seán Ó Mainín, gurb é 2 agus ceaṫrú milliún punt, na fiaċa ar an ċondae.

Coiste Polasaí

Comġáirdeaċas le Caṫaoirleaċ Bord na Gaillime de Cumann Lúṫċleas Gael, an tAṫair Ó Sóḃlán, atá ceapaiṫe ar an Coiste nua polasaí de Ċumann Lúṫċleas Gael. Sé gnó an ċoiste seo ná staidéar a ḋéanaṁ ar na faḋbanna a ḃéas ós comair an eagrais. I gceann fiċe, ttríoċa nó caoga bliain, agus moltaí a ḋéanaṁ ar an ċaoi le ullmú fána gcoinne. Gearóid Mac Artar, as Áromaċa, atá ceapaiṫe ar an ċoiste ó ṫaoḃ scoltaċa, agus L. Hastings, Muiġeo, don teanga.

Carna

Tá an éileaṁ ar feamainn 7 slata mara le déanaí agus tá monarcan Cill Ċiaráin ag déanaṁ go rí ṁaiṫ agus iad ag cur mórán mór de feamainn próiséisiṫe ṫar sáile. Tá saoṫrú maiṫ ar fud an ċósta ag na daoine atá ag bailiú na feamainne.

Rud eile go ḃfuil éileaṁ mór air isea an slig-éisc do gaċ cineál, agus tá daoine ag déanaṁ go maiṫ ar na faoċain. Tá cuid báḋaí Gael-Linn ag déanaṁ go maiṫ ar iascaireaċt na muiríní ċom maiṫ.

Tá an feaċtas i gcionniḃ na bpéarslaí crioċnaiṫe i gConamara don ḃliain seo. An tseaċtain seo caite ċuaiġ an Liaṫ-eallaí T. Ó Scannaill isteaċ go hOileán Inis Ḃó Finne, áit ar críoċnaíoḋ an t-eallaċ ar an oileán. Sé an picean fá ċoinne an feaċtas i gcoinniḃ na bpéarslaí os coṁair na Roinne ar tús.

Tá cosúlaċt ann go mbeiḋ an geiṁreaḋ seo níos measa ná aon ċeann le cuiṁne na ndaoine. Ḃí stoirmeaċa gaoiṫe móire ar tús, agus ansin an t-seaċtain seo caite, ṫáinig sneaċta, agus sneaċta trom go maiṫ ar na cnoic. níos luaiṫe ná ṫáinig sé le blianta fada. An tseaċtain seo caite ḃí báisteaċ, an trom agus ḃí na bóiṫre agus cuid ṁór talaṁ faoi ṫuillte. Ní ḟios cad é an ċéad rud eile a ṫiocfas.

Cailliúint

Tá an Teaċtas i gcoinniḃ rátaí ag luí go crua ar Ċomairle Condae Ṁuiġeo agus caiṫfiḋ siad uastarraingt de £450,000 a lorg